Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
Equality, Diversity and Inclusion

An Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Clár an Ábhair

Réamhrá leis an Aire 2

Intreoir leis an Ard-Rúnaí 3

Ailíniú 4

- Ráiteas Straitéise na Roinne 4
- Ár bhFís, Misean agus Luachanna 4

An Argóint i bhfabhar Comhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta 5

Ár dTiomantas i leith Comhionannais, Éagsúlachta & Chearta an Duine 7

- Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí - Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020 7
- Dualgas Earnála Poiblí 7
- Beartais Náisiúnta 7

Cur Chuige 10

- Próiseas Comhairliúcháin agus Teagmhála 10

Ár nUaillmhian CÉU 11

- Ráiteas 1 faoi Thorthaí 11
- Ráiteas 2 faoi Thorthaí 12
- Ráiteas 3 faoi Thorthaí 13

Cur i nGníomh agus Faireachán 14

Gníomhaíochtaí chun Beocht a chur in CÉU 15

Réamhrá leis an Aire

Go bunúsach, baineann Comhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht le **cothroime**; tá sé de cheart ag gach uile dhuine a bheith ag súil go dtugtar meas orthu ina n-ionad oibre agus go bhfuil deiseanna comhionanna acu chun bisiú agus chun barr feabhais a bhaint amach. Is ceart agus is cóir a bheith ag obair chun timpeallacht den sórt sin a chruthú. Ach is eol dúinn freisin go mbíonn ionad oibre níos dinimiciúla agus níos nuálaí ann mar thoradh air sin ar ionad é ar féidir smaointe nua agus bealaí nua smaointeoireachta teacht chun cinn ann.

Sin an fáth go bhfuil lúcháir orm an chéad Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta (CÉU) de chuid na Roinne a chur i láthair.

Creidim go mbeidh an obair ar straitéis CÉU ina cuid lárnach dár misean i leith Éire atá **sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach** a chruthú.

Bhí paindéim COVID-19 ina cúis le tréimhse an-dúshlánach in Éirinn agus ar fud an domhain. Agus ár dtimpeallacht ag athrú go mear, agus riachtanais agus ionchais na ndaoine dá bhfónaimid ag éirí níos dinimiciúla agus níos casta, is féidir le comhionannas, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht a bheith ina nithe cumhachtacha ar mhaithe le tuiscint níos fearr a fháil, agus freastal níos fearr a dhéanamh, ar na riachtanais sin.

Ní hé amháin gur ceart agus cóir comhionannas, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht a chothú agus a mhéadú inár n-eagraíocht ach, ina theannta sin, cuireann sé feabhas ar sholáthar seirbhísí agus cinntíonn sé go ndéantar cinnteoireacht ar bhonn eolas cuí trí leas a bhaint as buanna agus as fíoreispéiris daoine ó gach uile chúlra.

Is ionann an Straitéis seo agus léiriú praiticiúil ar ár gcomhthiomantas i leith eagraíocht fháilteach uilechuimsitheach a chruthú. Cabhróidh sí linn cur chuige pleanáilte córasach a bheith againn maidir lenár n-uaillmhian CÉU a bhaint amach rud a chinnteoidh go gcuirfimid na gealltanais reachtúla atá ann mar chuid den reachtaíocht agus de na straitéisí náisiúnta i leith comhionannais agus chearta an duine i gcrích. Go háirithe, tá an Straitéis ailínithe agus comhtháite le fís, misean agus luachanna ár Roinne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí bainteach le forbairt straitéis CÉU, agus moladh a thabhairt dóibh, go háirithe an Coiste um CÉU agus Dualgas na hEarnála Poiblí (DEP) a rinne formhaoirseacht ar an obair agus, chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha go léir a bhí páirteach sa phróiseas seo ar bhealaí éagsúla chun eolas a thabhairt dúinn, agus chun ár ndúshlán a thabhairt, maidir lenár modhanna smaointeoireachta agus chun spreagadh a thabhairt dúinn maidir lenár n-uaillmhian



Eiléana Nic an tSaoi
Aire Dlí agus Cirt

Intreoir leis an Ard-Rúnaí

Tá prionsabail agus praiticiúlachtaí an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na hUilechuimsitheachta fite fuaite inár gcuid oibre ar fad sa Roinn Dlí agus Cirt agus, dá bhrí sin, is nithe tábhachtacha iad do gach uile dhuine inár Roinn. Tá caighdeáin chearta an duine agus ceanglais dhlíthiúla ann nach mór dúinn déanamh dá réir, ach tá i bhfad níos mó ná sin i gceist lenár gcuid uaillmhianta, de réir mar atá leagtha amach sa chéad straitéis CÉU dár gcuid.

Is mian linn go léir a bheith ag obair i dtimpeallacht oibre atá dearfach agus uilechuimsitheach, áit ina bhfuil meas ar ár gcuid oibre agus ina gcothaítear agus ina n-urramaítear difríochtaí agus imthosca éagsúla.

Ceann de na príomhchúiseanna go bhfuil brí agus feidhm lenár gcuid oibre is ea an tionchar chomh mór sin atá ag an obair sin ar an bpobal. Ní mór an bealach ina ndéileálaimid le riachtanais an phobail a bheith bunaithe ar thuiscint an-mhaith ar an éagsúlacht a bhaineann le himthosca agus le heispéiris daoine. Cuirfidh baint amach, cothú agus urramú éagsúlachta níos leithne inár bhfórsa saothair go mór lenár gcumas chun beartais agus seirbhísí níos éifeachtaí a ullmhú don phobal.

Tá ról ag gach uile dhuine dínn maidir le cultúr uilechuimsitheach a chruthú agus maidir lena chur faoi deara go bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt ina háit fhíormhaith le bheith ag obair inti. Is cuma cé chomh neamhbheartaithe atá sé, is féidir linn go léir nithe a rá, uaireanta, a ghoilleann ar ár gcomhghleacaithe, nó a eisiann iad nó a fhágann go mothaíonn siad go bhfuil siad 'éagsúil' nó 'gur daoine de chuid dream eile' iad. Ní mór dúinn labhairt faoi seo níos minice chun cur lenár dtuiscint féin — agus sin a dhéanamh trí líonraí, trí chruinnithe foirne agus i gcomhráite 'duine le duine'.

Is Straitéis uaillmhianach í seo agus iarrtar ar gach duine dínn, ar gach leibhéal den eagraíocht — idir an lucht déanta beartas náisiúnta agus soláthraithe túslíne — glacadh le prionsabail CÉU, iad a chur chun cinn agus iad a leabú inár gcuid beartas agus inár ngnáthchleachtais laethúla. Chun an méid sin a dhéanamh tá gá le tiomantas leanúnach agus le próiseas leanúnach machnaimh chriticiúil a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go mothaíonn ár gcomhghleacaithe agus ár gcustaiméirí go léir go bhfuil siad á gcur san áireamh agus go bhfuil urraim agus meas orthu.

Chuige sin, tá tús áite tugtha againn do thrí réimse fócais ar mhaithe le tionchar straitéiseach:

- torthaí **beartais** níos fearr a bhaint amach agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht ár gcuid **seirbhísí**;
- tacaíocht a thabhairt i ndáil le **fórsa saothair** atá oilte agus ilchineálach a fhorbairt;
- **cultúr** ionaid oibre trína n-éascaítear agus trína lorgaítear ionchur ó gach uile dhuine, agus trína dtugtar tacaíocht ina leith sin, a bhunú agus a leabú.

Mar eagraíocht, táimid ag cur tús leis an turas seo agus tá mé ag tnúth le bheith ag obair libh go léir sna blianta atá díreach romhainn d'fhonn a chinntiú go bhfuil CÉU ina luach comhsheasmhach gníomhach agus ina ghníomh dearfach — inár meithleacha oibre agus sa tslí ina ndéanaimid go léir ár gcuid oibre.

Tá mé an-bhuíoch de gach duine a bhí páirteach i bhforbairt na Straitéise seo. Go háirithe, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do cheannaireacht luachmhar Choiste CÉU/DEP agus do mhisneach agus do thiomantas na gcomhghleacaithe a ghlac páirt ar bhealach chomh hoscailte sin sa suirbhé agus san fhócasghrúpa inmheánach agus, chomh maith leis sin, d'ionchur ó chomhpháirtithe seachtracha lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhí ann mar ionadaithe grúpaí ilchineálacha agus a bhí an-fhlaithiúil agus an-ionraic ó thaobh an ionchuir a chuir siad ar fáil.

I bhfianaise thionchar forleathan ár gcuid oibre ar an oiread sin daoine, tá freagracht mhór orainn i ndáil le ceannaireacht a léiriú sa réimse seo agus tá tairbhí ollmhóra le gnóthú as cultúr dearfach inbhuanaithe a bhunú atá bunaithe ar uilechuimsitheacht agus ar chearta an duine. Beidh an tslí ina gcuirimid an Straitéis seo i bhfeidhm ina cabhair maidir le múnlú na tíre ina gcónaíonn gach duine dínn agus tacóidh sí lenár bhfís i leith Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach.



Oonagh McPhillips
Ard-Rúnaí

Ailíniú

Ráiteas Straitéise 2021 - 2023

Lainseáladh Ráiteas Straitéise na Roinne Dlí agus Cirt 2021 - 2023 sa bhliain 2021 agus, mar chuid den obair a bhain leis sin, chuathas i gcomhairliúchán agus i dteagmháil, ar bonn forleathan, le comhlachtaí agus comhpháirtithe ar fud na mórearnála ceartais, le Ranna eile rialtais agus leis an gCoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus le roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus, chomh maith leis sin, bunaíodh próiseas aighneachta poiblí ar shuíomh gréasáin agus ardáin mheán sóisialta na Roinne.

De bhreis air sin, shainaithníomar roinnt gníomhartha inár bPlean Dlí agus Cirt don bhliain 2021, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Dul i gceannas ar chur chun feidhme na mbeart éagsúlachta atá sainaitheanta faoi Ghníomh 16.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh éagsúlachta, agus faireachán a dhéanamh orthu, mar chuid lárnach den rialachas ar ghníomhaireachtaí.

Cuireann ár Ráiteas Straitéise agus an Straitéis CÉU seo comhionannas agus éagsúlacht i gcroílár ár gcuspóra agus ár gcuir chuige i leith ár misean agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

Ár Misean

Obair ar son Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach

Ár Luachanna

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin leis an bhfoireann agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí, lainseáladh sraith athnuaite luachanna go foirmiúil sa bhliain 2021. Beidh ár gcuid luachanna ina gcabhair freisin maidir le beocht a chur sa Straitéis CÉU seo agus maidir lena chinntiú gur rud dearfach iad do gach duine san eagraíocht agus, os a choinne sin, is féidir le cur chuige réamhghníomhach i leith CÉU a bheidh ina chabhair freisin maidir le léiriú a thabhairt ar ár gcuid croíluachanna.

An Argóint i bhfabhar Comhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta

Tá freagracht ar ár Roinn i ndáil le beartas poiblí a bhaineann le slándáil an Stáit agus sábháilteacht an phobail, lena n-áirítear coireacht a chosc agus a bhrath, riaradh an cheartais, bainistiú próiseas inimirce agus cosanta idirnáisiúnta, soláthar seirbhísí tábhachtacha rialála agus athchóiriú leanúnach an dlí shibhialta agus an dlí choiriúil.

Tá ról lárnach ag ár Roinn maidir le feidhmiú mar thaca faoi shochaí chóir dhaonlathach, agus maidir le sochaí den sórt sin a chothú, agus léiríonn an modh ina ndéanaimid an méid sin an tiomantas ollmhór atá againn i leith chearta an duine agus i leith comhionannais.

Bíonn ár gcomhthéacs oibriúcháin ag athrú de shíor. Is léir go bhfuil éagsúlacht mhéadaitheach daonra ann agus, i measc na bhforbairtí suntasacha sochaíocha atá tar éis tarlú le blianta beaga anuas, áirítear athruithe ar an tslí ina gcuirtear creidimh agus cleachtais chultúir in iúl a mhéid a bhaineann le réimsí amhail an teaghlach, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, agus eitneacht agus róil inscne. Aithnímid go bhfuil cineálacha iomadúla idirdhealaithe ann a chuireann fíorbhac ar dhaoine barr a chumais a bhaint amach go hiomlán nó rochtain a bheith acu ar dheiseanna comhionanna. Tuigimid freisin go bhféadfadh daoine a bheith faoi mhíbhuntáiste ar roinnt foras éagsúil agus gur féidir leis an trasnachas sin a bheith ina chúis le hil-idirdhealú.

De bhreis air sin, gné dár gcultúr agus dár luachanna eagrúcháin atá ag éirí níos tábhachtaí is ea deiseanna a chruthú chun éisteacht leis na daoine is mó a bhfuil tionchar ag ár gcuid oibre orthu agus fadhbanna a réiteach in éineacht leo. Is ionann éagsúlacht agus uilechuimsitheacht agus modh smaointeoireachta agus cur chuige maidir le torthaí níos fearr a bhaint amach. Trí éagsúlacht agus uilechuimsitheacht, faighimid na dearcthaí éagsúla a bhfuil gá leo chun dul i ngleic le saincheisteanna casta agus chun teacht ar réitigh nuálacha. Tugann comhoibriú fónta dáiríre léargas luachmhar dúinn agus leanann torthaí inbhuanaithe atá bunaithe ar eolas níos fearr as.

Aithníonn an Roinn go bhfuil ár bhfórsa saothair ilchineálach agus go bhfuil sé tiomanta i leith deimhin a dhéanamh de go mothaíonn fostaithe gur féidir leo a n-éagsúlacht a léiriú san ionad oibre agus go bhfuil siad saor chun déanamh amhlaidh.

Ina theannta sin, beidh cur chun cinn oscailte agus léiriú ár dtiomantais i leith CÉU ina chabhair maidir leis na daoine is cumasaí a mhealladh chun bheith ag obair linn agus, trí thimpeallacht uilechuimsitheach a chruthú, cinnteofar go mbeifear in ann na daoine cumasacha sin a choimeád san eagraíocht. Príomhthoradh de chuid CÉU is ea rannpháirtíocht. Nuair a mhothaíonn ár bhfostaithe go bhfuiltear ag éisteacht leo is mó an seans go mothóidh siad go bhfuil sé de chumhacht acu a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go barr a gcumais.

Tacóidh an straitéis nua CÉU seo lenár gcroí-obair agus léireoidh sí ár luachanna agus cabhróidh sí linn ár gcuid aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach.

Iontaoibh agus Muinín a Chothú: Tiocfaidh feabhas ar ár gcumas chun beart a dhéanamh de réir ár mbriathair

Tá freagracht ar an Roinn i ndáil le treo an chórais dlí choiriúil a stiúradh agus é mar aidhm leis sin an pobal a chosaint, seasamh le chearta an duine agus le cothroime nós imeachta, agus sábháilteacht, muinín agus iontaoibh an phobail a choimeád ar bun.

Tá nasc láidir ann idir fórsa saothair ilchineálach agus cultúr uilechuimsitheach, ar thaobh amháin, agus iontaoibh agus muinín an phobail sa chóras ceartais, ar an taobh eile.

De réir mar a thagann méadú ar éagsúlacht daonra, éiríonn lánpháirtiú agus comhtháthú níos tábhachtaí. Tá príomhról ag an Roinn freisin maidir le lánpháirtiú a chothú trí phobail nua a chuimsiú inár gcuid oibre.

Tá cosaint pobal agus tacú le híospartaigh lárnach san obair a dhéanaimid sa Roinn Dlí agus Cirt. Tá tionchar díréireach ag roinnt coireanna ar ghrúpaí nó ar phobail áirithe.

Ina theannta sin, tá coireanna ag éirí níos casta agus caithimid níos mó ama ná riamh ar líne. In Éirinn, tá méadú tagtha ar choireanna áirithe lena n-áirítear drochúsáid sa bhaile agus coireacht fuatha. Tá an choireacht idirnáisiúnta ina dúshlán méadaitheach freisin. Mar shampla, is minic a bhaineann sclábhaíocht na haimsire seo le híospartaigh leochaileacha a gháinneáil isteach sa tír.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtuigimid conas is fearr tacú le híospartaigh agus le finnéithe tríd an bpróiseas ceartais.

I roinnt pobal, tá leibhéal íseal iontaoibhe ann sa Chóras Ceartais agus d'fhéadfadh díréireacht i dtaca le hionadaíocht agus pianbhreitheanna a bheith ina cuid den chúis leis an drochiontaoibh sin. Leanfaimid de bheith ag obair ar bhonn uile-Rialtais chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna ar féidir leo ligean don choireacht leathadh i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear an nasc idir dronga coiriúla agus daoine óga leochaileacha a bhféachann siad lena n-earcú a bhriseadh.

Le linn dúinn beartais agus seirbhísí a fhorbairt, tá sé tábhachtach go bhfaighfear léiriú níos mó sa Roinn, agus in earnáil an cheartais ina hiomláine, ar na pobail go léir dá bhfónaimid agus go ndéanfar na saincheisteanna

forleathana lena múnlaítear aitheantas a chur san áireamh, lena n-áirítear stádas socheacnamaíoch.

Ár gcumas a stiúradh i leith soláthar seirbhísí agus comhlíonadh feidhmeanna

Tugann éagsúlacht mhéadaithe deis dúinn chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht féin ach, ina theannta sin, tugann sí deis dúinn tuiscint níos fearr a fháil ar na daoine dá bhfónaimid.

Leanann an t-éileamh ar ár seirbhísí inimirce de bheith ag méadú agus, ag an am céanna, leanann comhionannas agus uilechuimsitheacht de bheith ina dtreoirphrionsabail lárnacha sa Roinn agus sinn ag obair le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun freagraí a sholáthar ar chuid de na dúshláin dhomhanda is mó a bhaineann le himirce.

I gcomhréir leis na gealltanais a thugamar inár bPlean Dlí agus Cirt, bímid i gcónaí ag féachaint lenár straitéis digitiúcháin a chur ar aghaidh agus leis an athrú a dhéanamh, i gcomhréir lenár mbeartas 'Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha', ó phróisis pháipéar-bhunaithe agus dlúthshaothair chuig seirbhísí túslíne inimirce atá éifeachtúil, docht agus custaiméir-lárnach.

I measc chroí-aidhmeanna ár Roinne áirítear rochtain a leathnú agus bacainní ar rochtain ar an gcóras ceartais a shainaithint, agus deireadh a chur leo, ionas go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais an phobail, na sochaí agus na hearnála gnó.

Ciallaíonn leathnú na rochtana ar an gceartas a lán rudaí éagsúla. Ciallaíonn sé gur féidir na saoránaigh go léir rochtain a fháil go héasca ar an gcóras dlí agus ar sheirbhísí dlí nuair is gá dóibh an rochtain sin a fháil. Ciallaíonn sé deimhin a dhéanamh de go mothaíonn daoine ar gá dóibh rochtain a fháil ar an gcóras ceartais compordach i dtaca le dul i dteagmháil lenár gcóras ceartais — mar shampla, daoine ar gá dóibh dul i muinín na gCúirteanna Teaghlaigh agus íospartaigh Foréigin Baile, Ghnéasaigh agus Inscne-Bhunaithe. Ciallaíonn sé tuiscint níos fearr a bheith ann i dtaobh conas daoine a ngoilleann míchumais foghlama, uathachas agus deacrachtaí meabhair-shláinte orthu a shainaithint agus i dtaobh conas tacú leo.

Ach ciallaíonn sé freisin deimhin a dhéanamh de gur fearr a léiríonn ár gcóras ceartais agus na daoine a oibríonn laistigh de an éagsúlacht atá ann in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Tá fíorthuiscint ar ár gcustaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse ilchineálacha ina gné bhunúsach den obair a bhaineann le luach agus athrú fónta a sholáthar sa réimse seo.

Nuálaíocht: leanann smaointe nua as dearcthaí nua

Tá an éagsúlacht ina gné lárnach den nuálaíocht. Spreagann sí bealaí nua agus bealaí níos fearr chun rudaí a dhéanamh, cuidíonn sí linn leas a bhaint as tairbhe na teicneolaíochta agus cuireann sí feabhas ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht ár gcuid seirbhísí.

Leagtar béim ar an nuálaíocht inár ngníomhaíochtaí straitéiseacha reatha agus tá an nuálaíocht mar a bheadh buntaca ann faoinár n-uaillmhian i leith fónamh don phobal ar bhealach níos fearr i dtaca lenár gcuid oibre agus i dtaca lenár gcuid seirbhísí go léir. Tá sainmheitheal oibre againn anois atá ag obair ar ár straitéis nuálaíochta ach tá sé tábhachtach go mothaímid go bhfuil sé de chumhacht againn, agus gur féidir linn, nuáil a dhéanamh laistigh dár gcuid meithleacha éagsúla.

Trí CÉU a chur i gcroílár na slí ina n-oibrímid, forbróimid ár gcumas chun idirghníomhú lenár gcustaiméirí ilchineálacha go léir, agus chun tuiscint níos fearr a fháil orthu, agus fágfaidh sé sin go mbeifear ag cinntiú go mbíonn ionad lárnach ag an úsáideoir i ngach seirbhís a fhorbraímid ar fud earnáil an cheartais.

Go bunúsach, baineann nuálaíocht le daoine — leas a bhaint as ár gcruthaitheacht, as ár scileanna agus as ár n-eolas, i gcomhar lena chéile, chun bealaí oibre níos fearr a fhorbairt agus chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ar riachtanais an phobail.

De réir mar atá dlús á chur againn le nuálaíocht trí dhul i mbun bealaí oibre de chineál níos cumaiscthe agus níos solúbtha, trínár seirbhísí a athdhearadh, trí bhéim a leagan ar inbhuanaitheacht, trí theacht ar réitigh dhigiteacha agus trí laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin, beidh ról tábhachtach ag ár dtiomantas i leith deimhin a dhéanamh de go leanaimid dár sainordú maidir le hobair ar son Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach a chur i bhfeidhm.

Ár dTiomantas i leith Comhionannais, Éagsúlachta & Chearta an Duine

Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí - Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020

Is iad an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt urraitheoirí Ghníomh 16 faoi 'Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020 – comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí.

Príomhthorthaí de chuid obair na Meithle Gníomhaíochta is ea iad Ráiteas Físe, a bhfuil an Roinn agus comhlachtaí eile Seirbhíse Poiblí tar éis glacadh leis, agus Múnla Aibíochta atá ceaptha chun cabhrú le heagraíochtaí machnamh agus measúnú a dhéanamh i dtaobh conas atá ag éirí leo i roinnt réimsí tábhachtacha.

Gníomh 16 Ráiteas Físe

Aithníonn an tSeirbhís Phoiblí an tábhacht bhunúsach a bhaineann le timpeallacht ilchineálach uilechuimsitheach a bhaint amach, ar timpeallacht í ina gcosnaítear chearta na foirne agus ina gcomhlíontar na cearta sin. Ina theannta sin is féidir le cur chuige réamhghníomhach maidir le comhionannas, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht (CÉU) a bheith ina chabhair i leith croíluachanna na seirbhíse poiblí a léiriú:

- A bheith cothrom agus cóir - meallfaidh agus forbróidh an tSeirbhís Phoiblí fórsa saothair ilchineálach agus cinnteoidh sí go mothaíonn gach duine ar leithligh go bhfuil urraim agus meas orthu ina n-ionad oibre.
- A bheith nuálach - lorgóidh an tSeirbhís Phoiblí dearcthaí éagsúla agus foghlaimeoidh sí ó na dearcthaí sin.
- A bheith freagrúil don phobal ina iomláine - féachfaidh an tSeirbhís Phoiblí le héagsúlacht na bpobal dá bhfónann sí.

Leantar den tiomantas i leith CÉU in 'Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 - Ár mBuanna a Fhorbairt' a foilsíodh le déanaí. I gceann amháin de na príomhghníomhartha faoi Théama 3: Lucht Saothair, Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht luaitear an méid seo a leanas: *"Baineann cothú lucht saothair don am atá le teacht le comhionannas agus ionchuimsitheacht a chur ag tosach an tslua inár gcumraíocht eagrúcháin. Cothóimid lucht saothair ionchuimsitheach chun gur fearr a léireofar ilchineálacht shochaí chomhaimseartha na hÉireann."*

Ráiteas na hEarnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Éagsúlacht

Tá ár gcur chuige maidir le CÉU bunaithe ar ár gcuid freagrachtaí faoin reachtaíocht chomhionannais mar atá leagtha amach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ach níl sé teoranta do na freagrachtaí sin. Le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, rinneadh foráil reachtúil dá ngairtear "Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine" a thabhairt isteach. Mar thoradh ar an dualgas sin tá sé de cheangal ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus córa a sholáthar d'fhostaithe agus do dhaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh agus cearta daonna fostaithe agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Ón tráth a cuireadh na Chéad Measúnachtaí ar Dhualgas na hEarnála Poiblí i gcrích sa bhliain 2018 tharla athruithe móra agus aistriú feidhmeanna sa Roinn. Sa bhliain 2020, bhunaigh an Roinn Coiste um CÉU agus Dualgas na hEarnála Poiblí (DEP) ar a bhfuil ionadaithe ón lucht bainistíochta sinsearaí ar fud na heagraíochta. Rinne an Coiste sin athbhreithniú ar na measúnachtaí DEP agus, chun aird a tharraingt ar an gclár oibre comhionannais agus ceart daonna, agus le go mbeadh comhleanúnachas ann ina leith sin, ar fud na Roinne, cinneadh gur ceart, mar bheart tosaigh, straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta (CÉU) a fhorbairt.

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí bainteach le heispéiris ár mball foirne chomh maith. I gcomhréir lenár luachanna, táimid tiomanta i leith timpeallacht a chruthú ina gcuirimid rannpháirtíocht dhearfach, anailís chriticiúil, cumarsáid oscailte ionraice agus glacadh le dearcthaí ilchineálacha chun cinn agus, ag an am céanna, ina bhféachaimid le huilechuimsitheacht a bhaint amach i ndáil le gach rud a dhéanaimid.

Dá bhrí sin, tá an straitéis CÉU seo ceaptha chun cabhrú le creat soiléir inrochtana a sholáthar ar creat é ar tríd a chomhlíonfaidh an Roinn a cuid oibleagáidí agus uaillmhianta i dtaca le Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas.

MEASÚNACHT A DHÉANAMH

Saincheisteanna a Aithint
Comhairliúchán
Fianaise

AGHAIDH A THABHAIRT AR SHAINCHEISTEANNA

Anailís a Dhéanamh
Cuir in Ord Tosaíochta
Príomhshruthú a Dhéanamh

TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH

Athbhreithniú a Dhéanamh
Monatóireacht a Dhéanamh
Cuir in Ord Tosaíochta

Múnla Aibíochta CÉU

Mar chuid den phróiseas maidir lenár measúnachtaí DEP a athnuachan, d'aontaigh an Roinn Múnla Aibíochta Ghníomh 16 de chuid ÁSP 2020 a chur i bhfeidhm, ar bhonn píolótach, mar uirlis féinmheasúnachta.

Measúnacht a dhéanamh

Is é a bhí i gceist leis an Múnla Aibíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ná suirbhé spriocdhírithe a eagrú chun dul i dteagmháil leis Coiste CÉU, le hionadaithe ar na coistí éagsúla beartas náisiúnta agus leis na líonraí atá againn agus atá bainteach le CÉU maidir lena dtuairimí faoin riocht ina raibh an Roinn i ndáil le cúrsaí CÉU.

Ina theannta sin, mar bheart chomhlántach, rinneadh obair fhianaise-bhunaithe arbh é a bhí i gceist léi ná anailís ar bheartais, ar nósanna imeachta agus ar shonraí éagsúlachta a bhí ar fáil de réir mar ab iomchuí.

Mar thoradh ar diagnóisic an Mhúnla Aibíochta a dhéanamh agus, chomh maith leis sin, mar thoradh ar dhul i dteagmháil le baill foirne agus le geallsealbhóirí seachtracha, fuaireamar léargais luachmhara agus neartaíodh ár dtuiscint agus ár measúnacht ar shaincheisteanna a bhain le comhionannas, éagsúlacht agus cearta an duine sa Roinn.

Aghaidh a Thabhairt, agus Tuairisciú a Dhéanamh, ar Shaincheisteanna

Go háirithe, ba chabhair í an anailís ar fhéinmheasúnacht an Mhúnla Aibíochta maidir le tuiscint a fháil ar ár staid bhunlíne CÉU agus tharraing sí aird ar bhearnaí, chomh maith le deiseanna, a bhféadfadh an Roinn déileáil leo agus an tionchar is mó a bhaint amach ina leith.

Bhí ról suntasach ag an anailís ar aiseolas, agus ag machnamh ar phríomhbhearnaí agus ar phríomhthéamaí, a d'éirigh as diagnóisic an Mhúnla Aibíochta i dtaca leis na torthaí straitéiseacha a shainiú agus i dtaca leis na gníomhartha a mbeartaímid aghaidh a thabhairt orthu tríd an straitéis CÉU seo.

Ráiteas Straitéise 2021-2023 a d'fhoilsigh an Roinn le déanaí, airíodh ráiteas i dtaobh conas a bheartaímid ár b-oibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. San fhoilseachán sin luaitear go ndéanfaimid na bearta seo a leanas:

- Measúnú úr a dhéanamh ar na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas atá ábhartha d'fheidhmeanna agus cuspóir na Roinne agus ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Foilseoimid an measúnú sin ar ár suíomh gréasáin;
- An dualgas atá orainn i leith chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn agus a chothú mar chuid den timthriall oiliúna;
- Athruithe agus feabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn i réimsí tábhachtacha trí leanúint le noirm idirnáisiúnta ó thaobh chearta an duine de a chur chun feidhme;
- Tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil uainn agus, nuair is cuí, ceangal a chur ar chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne dul chun cinn a thomhas sna tuarascálacha bliantúla uathu féin.

I gcomhréir lenár nDualgas Earnála Poiblí (DEP), tá ceanglas ann inár gcuid comhaontuithe deontais go léir á rá go bhfuil sé d'oibleagáid ar Dheontaithe aird a thabhairt ar an ngá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna ball foirne agus daoine dá soláthraítear seirbhísí a chosaint.

Toirmeascann na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 ('na hAchtanna') idirdhealú a dhéanamh le linn earraí agus seirbhísí, cóiríocht agus oideachas a sholáthar, ar idirdhealú é a dhéantar ar bhonn na naoi bhforas seo a leanas:

Ina theannta sin, déantar stádas mar dhuine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a chur san áireamh mar ní breise atá le breithniú.

Beartais Náisiúnta

Oibríonn earnáil phoiblí na hÉireann de réir creat reachtach lena dtugtar aitheantas do thábhacht na héagsúlachta agus na huilechuimsitheachta san fhórsa saothair agus sa timpeallacht oibre. Áiríonn sé sin beartais lena ndéantar cearta grúpaí daoine a chur chun cinn agus a chuimsiú i dtaca leis na forais comhionannais go léir de. Tá spriocanna sonraithe ann i roinnt straitéisí; mar shampla, méadú ó 3% go 6% i gcás daoine faoi mhíchumas san fhórsa saothair (Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta maidir le Daoine faoi Mhíchumas) agus 1% den fhórsa saothair le bheith ina mbaill de mhionlaigh eitneacha (Straitéis maidir le Lánpháirtiú Imirceach, Straitéis Náisiúnta maidir le hIonchuimsiú Taistealaithe agus Romach (NTRIS) 2017 - 2021). Tá an Roinn tiomanta i leith spriocanna sonracha atá ann sna straitéisí náisiúnta éagsúla a bhaint amach.

Tá gá le cur chuige uile-Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna córasacha amhail uilechuimsitheacht shóisialta, comhionannas agus éagsúlacht. Tá gá le cur chuige comhoibríoch freisin ar fud an rialtais agus na sochaí sibhialta. Chuige sin, tá gealltanas ar leith á thabhairt ag an Roinn Dlí agus Cirt chun ceannaireacht a léiriú i réimsí ina bhfuil freagracht dhíreach/ cheannaireachta orainn agus chun comhoibriú éifeachtach a chur i ngníomh i ngach uile réimse.

Cur Chuige

Sa bhliain 2020, sheol Coiste CÉU & DEP dhá cheardlann chun forbairt a dhéanamh ar dhréacht-thorthaí straitéiseacha. Mar bhuntaca le gach ráiteas ar thorthaí, bhí roinnt gníomhartha sealadacha ann a d'éirigh as féinmheasúnú faoin Múnla Aibíochta. Ina theannta sin, is ar na dréachtghníomhartha a bhí an próiseas comhairliúcháin inmheánaigh agus an próiseas teagmhála seachtraí bunaithe.

Comhairliúchán Inmheánach

Áiríodh an méid seo a leanas sa phróiseas comhairliúcháin inmheánaigh maidir leis an Straitéis CÉU:

Suirbhé ar líne a eisíodh chuig gach duine d'fhoireann na Roinne i mí Iúil 2021 agus inar lorgaíodh tuairimí faoi na nithe seo a leanas:

- An iad na gníomhartha atá beartaithe na gníomhartha cearta chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach? Más rud é nár aontaigh daoine le gníomh beartaithe, bhí deis acu a rá cén fáth nár aontaigh siad leis.
- Conas a chuirfeá na gníomhartha in ord tosaíochta (Aontú go Mór, Aontú go feadh Méid Áirithe, Gan Aontú ná Easaontú, Easaontú go feadh Méid Áirithe etc.)
- An raibh aon bhearnaí ann?

De bhreis ar an suirbhé, rinne an Coiste CÉU bearta breise lena chinntiú go mbeadh rochtain ar an bpróiseas comhairliúcháin ag an líon is mó ball foirne ab fhéidir trí Fhócasghrúpa a óstáil, rud a tharla ar an 21 Iúil 2021. Chuir an fócasghrúpa deis ar fáil do dhaoine a raibh spéis acu i gcúrsaí CÉU, nó a raibh eispéireas ar leith acu ina leith sa réimse sin, chun a léargais a chomhroinnt ar bhealach mionsonraithe agus chun cabhrú le múnlú na straitéise. Agus, chomh maith leis an méid sin, tugadh rogha dár gcomhghleacaithe aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar go díreach trí sheoladh ríomhphoist CÉU i gcás nach raibh i gcás nach raibh siad in ann freastal ar an bhfócasghrúpa nó i gcás inar mhian leo faisnéis bhreise nó smaointe breise a thíolacadh ar bhealach príobháideach.

Teagmháil Sheachtrach

Seoladh an comhairliúchán leis an tSochaí Shibhialta ar an 14 Deireadh Fómhair 2021 agus is é a bhí i gceist leis sin ná comhráite comhstádais ar ghlac 14 eagraíocht páirteach iontu, is é sin le rá, eagraíochtaí a bhfuil oilteacht acu i saincheisteanna ceart daonna agus comhionannais agus atá ionadaitheach do ghrúpaí a bhíonn ag plé leis na naoi bhforas chosanta agus, chomh maith leis sin, le stádas socheacnamaíoch. De bhreis air sin, seoladh comhairliúcháin le heagraíochtaí eile earnála poiblí. I gcás gach ceann ar leith de na ráitis faoi thorthaí straitéis CÉU, chuir rannpháirtithe aiseolas ar fáil i dtaobh cad a bhí á dhéanamh go maith ag an Roinn, i dtaobh na nithe ar ceart do Roinn níos mó bearta a dhéanamh ina leith agus, chomh maith leis sin, cuireadh ionchur sonrach ar fáil maidir leis na dréachtghníomhartha.

Bhí ról suntasach ag an aiseolas ón dá phróiseas maidir le faisnéis a chur ar fáil i ndáil le forbairt ár straitéis CÉU agus i ndáil le neartú fhorbairt na straitéise CÉU.

Ár nUaillmhian CÉU - Na Torthaí agus na Gníomhartha Inmhianaithe

Cad is mian linn a bhaint amach?

Torthaí beartais níos fearr agus rochtain fheabhsaithe ar ár seirbhísí go léir don raon ilchineálach úsáideoirí seirbhíse atá againn

Cén fáth go bhfuil sé seo chomh tábhachtach sin?

Cabhraíonn gníomhartha maidir le comhionannas agus éagsúlachta linn iontaoibh agus muinín an phobail a choimeád ar bun inár gcumas chun beartais agus seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra ilchineálaigh a mhúnlú. Cumasóidh sé sin dúinn;

- Ár misean a chomhlíonadh
- Cearta daonna daoine agus comhionannas a chosaint
- Freastal a dhéanamh ar ár ngealltanais reachtúla agus ar ár ngealltanais i leith an dualgais earnála poiblí

Conas a bhainfimid an méid sin amach?

Beartas

1. Teagmháil a dhéanamh ar bhealach réamhghníomhach le raon geallsealbhóirí chun eolas a bhailiú i leith dréachtú beartas agus reachtaíochta, lena n-áirítear gabháil do phróiseas comhoibríoch ar bhonn píolótach chun beartais agus reachtaíocht áirithe a cheapadh agus a phromhadh
2. Ullmhú beartas agus reachtaíochta a phromhadh/iniúchadh chun aird a thabhairt ar a dtionchar ar CÉU

Cáilíocht Seirbhísí

3. Nuálaíochtaí a bhaineann leis an tslí ina gceapaimid agus ina soláthraímid seirbhísí a shainaithint & a chur i ngníomh ar mhaithe le feabhas a chur ar rochtain d'úsáideoirí seirbhísí
4. Ailíniú a dhéanamh le Prionsabail Deartha Uilíocha agus uirlisí Cumarsáide Custaiméara na seirbhíse poiblí a ghlacadh chun a chur faoi deara go bhfuil ár gcuid faisnéise agus cumarsáidí go léir níos inrochtana, lena n-áirítear faisnéis a bheith ar fáil i roinnt teangacha éagsúla

Cén fáth go mothaím go bhfuil an straitéis tábhachtach?

"Mothaím go bhfuil an straitéis CÉU tábhachtach i dtaca le feidhmeanna uile na Roinne ach tá freagracht uathúil ar SSI (Soláthar Seirbhísí Inimirce) de bharr phróifíl ár gcustaiméirí. Cruthaíonn an fhreagracht sin an gá le straitéis a bheith ann ina ndéantar riachtanais ár raoin ilchineálaigh custaiméirí a chur san áireamh. Ina theannta sin, is féidir le straitéis shoiléir uilechuimsitheach aird a tharraingt freisin ar an ngá le díriú ar ár gcomhghleacaithe agus ar ár mbaill meithleacha a bhféadfadh an tacaíocht a bheadh ann mar thoradh ar straitéis den sórt sin a bheith ag teastáil uathu."

David Delaney, Príomhoifigeach Cosanta Idirnáisiúnta, Sibhialta, SSI - Oifig na Cosanta Idirnáisiúnta

Ár nUaillmhian CÉU - Na Torthaí agus na Gníomhartha Inmhianaithe

Cad is mian linn a bhaint amach?

Eagraíocht ilchineálach ina bhfuil fórsa saothair oilte a léiríonn an éagsúlacht atá ann inár ndaonra/dtír

Cén fáth go bhfuil sé seo chomh tábhachtach sin?

Feidhmiú mar fhostóir uilechuimsitheach ag a bhfuil fórsa saothair ilchineálach a léiríonn gach cuid de shochaí na hÉireann:

- Cuireann sé sin saibhreas dearcthaí agus smaointe ar fáil chun na torthaí is fearr a bhaint amach do gach saoránach
- Spreagann sé sin caidreamh dearfach idir baill foirne agus úsáideoirí seirbhísí, agus tacaíonn sé leis an méid sin, rud a rannchuidíonn le meanma agus rannpháirtíocht níos fearr i measc na foirne

Conas a bhainfimid an méid sin amach?

5. Cur chuige atá bunaithe ar shonraí (móráireamh foirne) a úsáid chun tuiscint a fháil ar phróifíl éagsúlachta na Roinne
6. Comhoibriú go réamhghníomhach le SCP (an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí) agus le príomh-gheallsealbhóirí eile i leith tionscnaimh earcaíochta & coimeádta ball foirne, ar tionscnaimh iad a thacaíonn lenár gclár oibre CÉU
7. Intéirneachtaí agus cláir mheantóireachta atá dírithe ar ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht a fhorbairt agus a chur i ngníomh
8. Oiliúint atá bainteach le CÉU a leabú i gcláir leanúnacha oiliúna & ionduchtúcháin ag gach céim de ghairmréim an fhostaí - idir fhostaithe nua agus daoine ag leibhéal sinsearach
9. Oiliúint speisialaithe a shainaithint agus a sholáthar do bhaill foirne/ mheithleacha oibre amhail an t-oifigeach rochtana, OIM (an tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais), meithleacha beartais agus reachtaíochta agus daoine a bhíonn ag plé go díreach le custaiméirí

Cén fáth go bhfuil an Straitéis seo tábhachtach duit?

"Tá sé thar a bheith tábhachtach ós rud é go dtugann sé tuilleadh deiseanna dúinn chun daoine tallannacha a fháil ó chúlraí éagsúla a léiríonn comhdhéanamh ár sochaí agus chun ár dtiomantas i leith deiseanna comhionanna a bheith ag gach duine a thaispeáint. Trí straitéis dhocht a chur i bhfeidhm beidh treoir againn i ndáil le leanúint de chur lenár gcáil mar roghfhostóir, agus den cháil sin a fhorbairt, ar straitéis í a shaibhreoidh ár luachanna agus a thacóidh lenár n-iompraíocht agus, rud níos tábhachtaí fós, a léiríonn go n-aithnímid agus go n-urramaímid gach duine atá bainteach lenár Roinn atá chomh hilchineálach sin, rud is léir ó na seirbhísí a sholáthraímid agus a fhearann ar an oiread sin codanna dár bpobail agus dár sochaí ina hiomláine agus is ceart dúinn léiriú a thabhairt air sin go hinmheánach."

Ceann Acmhainní Daonna

Ár nUaillmhian CÉU - Na Torthaí agus na Gníomhartha Inmhianaithe

Cad is mian linn a bhaint amach?

Cultúr ionaid oibre a thacaíonn le rannchuidiú, agus a léiríonn meas ar rannchuidiú, ónár gcomhghleacaithe agus ónár gcustaiméirí go léir agus lena bhféachtar le deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe

Cén fáth go bhfuil sé seo chomh tábhachtach sin?

Tá cás gnó láidir morálta ann lena chreidiúint go gcruthaíonn ionad oibre ilchineálach uilechuimsitheach ina n-urramaítear dínit an duine agus an éagsúlacht timpeallacht níos fearr oibre do gach ball foirne agus go bhfeabhsaíonn timpeallacht den sórt sin na nithe seo a leanas:

- Sástacht agus folláine na bhfostaithe
- Cruthaitheacht
- Cumais réitithe fadhbanna
- Feidhmíocht

Agus fágann na nithe sin go léir go mbíonn eagraíochtaí ina n-ionaid oibre níos athléimní, níos éifeachtaí agus níos tarraingtí

Conas a bhainfimid an méid sin amach?

10. Seaimpíní CÉU a cheapadh atá ionadaitheach do gach aoisghrúpa/grád/inscne/éagsúlacht
11. Ár dtiomantas i leith CÉU a léiriú go gníomhach trínár Luachanna (Oscailte, Comhoibríoch, Gairmiúil) a chur i bhfeidhm trínár n-iompar agus trí chur in aghaidh aon iompar a bhaineann an bonn de cheart fostaithe chun bheith éagsúil agus chun aitheantas éagsúil a léiriú laistigh den ionad oibre
12. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do líonraí foirne agus tionscnaimh/imeachtaí ilchultúir atá bainteach le CÉU a cheiliúradh
13. Feachtais chumarsáide a chur chun cinn, scéalta faoi éagsúlacht agus uilechuimsitheacht a chur chun tosaigh & a insint
14. A chinntiú go gcabhraíonn Obair Chumaisc le cultúr níos ilchineálaí, níos solúbtha agus níos uilechuimsithí a chur chun cinn san ionad oibre
15. Páirt a ghlacadh i líonraí sainoilteachta chun dea-chleachtas maidir le CÉU a éascú laistigh den Roinn

"I ndeireadh na dála, tá freagracht agus cuntasacht ar gach duine ar leith sa Roinn i ndáil lena n-iompar féin. Nuair a thagann an crú ar an tairne, is sinne an córas is cuma cén leibhéal a bhfuilimid ag obair ann. Tá ról ag gach duine dínn i leith cultúr comhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a bhaint amach."

(Aighneacht i scríbhinn chuig seoladh ríomhphoist CÉU)

Cur i nGníomh agus Faireachán

- Tá fís leagtha amach againn chun timpeallacht oibre a chruthú ina ndéileáiltear go cóir agus go measúil le gach duine, ina bhfuil comhionannas deiseanna agus acmhainní ag gach duine agus inar féidir le gach duine rannchuidiú go hiomlán le rath ár Roinne.
- Tá súil ag an Roinn go dtiocfaidh an Straitéis seo chun bheith ina doiciméad 'beo' trí bhonn nua a sholáthar chun an clár oibre comhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a chur ar aghaidh. Sa doiciméad seo, leagtar amach sraith torthaí inmhianaithe agus gníomhartha tosaíochta mar threoir dúinn i leith bhaint amach na físe agus tá ráiteas níos mionsonraithe faoi ghníomhaíochtaí ann ina luaitear cé a bheidh i gceannas ar an ngníomhaíocht lena mbaineann.
- Maidir le cur i ngníomh praiticiúil na nGníomhartha is buntaca leis an straitéis seo, déanfar na gníomhartha a chomhtháthú go hiomlán isteach inár ngnáthphleananna oibre, lena n-áirítear táscairí cuí a chur in iúl agus déanfar faireachán ar na gníomhartha mar a dhéantar i gcás ár gcuid aidhmeanna eagrúcháin agus tosaíochtaí straitéiseacha eile. Cinnteoidh sé sin go ndéanfar athbhreithniú comhsheasmhach ar dhul chun cinn agus go mbeidh próiseas ann i leith tuairisciú a dhéanamh i dtaobh conas atá ag éirí linn i dtaca lenár n-aidhmeanna CÉU a bhaint amach.
- Déanfaidh Coiste CÉU agus DEP faireachán ar chur i ngníomh na Straitéise CÉU seo ar fud a saolré. Mar chuid den phróiseas faireacháin freisin, bunófar sásra chun dul i dteagmháil le comhghleacaithe a bhfuil fíoreispéiris acu, rud a dhéanfar lena chinntiú go bhfuil na nithe atá luaite sa Straitéis seo á mbaint amach againn. Beifear i dteagmháil le grúpaí agus geallsealbhóirí seachtracha iomchuí ar bhonn leanúnach freisin. De bhreis air sin, tá an Roinn tiomanta i leith dul i mbun measúnú neamhspleách leath bealaigh tríd an tréimhse ina mbeidh an straitéis á cur i ngníomh lena chinntiú go bhfuilimid ar an mbóthar ceart agus go bhfuil ár ngealltanais á gcomhlíonadh againn.
- Soláthróidh Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine agus ár Luachanna (Oscailte, Comhoibríoch, Gairmiúil) creataí tábhachtacha dúinn freisin i leith chur i ngníomh ár Straitéis CÉU. Leanfaimid den bhonneagar, de na hacmhainní agus den cheannaireacht a chur i bhfeidhm chun na haidhmeanna atá leagtha síos sa straitéis seo a bhaint amach. Ach ní leor an Straitéis seo ina haonar. Ní mór do gach duine den fhoireann páirt a ghlacadh i bhforbairt na Roinne Dlí agus Cirt mar ionad oibre ar saintréithe dá chuid iad comhionannas, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht.

Gníomhaíochtaí chun Beocht a chur in CÉU: Toradh CÉU 1:

Torthaí beartais níos fearr a bhaint amach agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht ár gcuid seirbhísí

GNÍOMHARTHA	TUAIRISC AR AN nGNÍOMHAÍOCHT	FAOI CHEANNAS
BEARTAS		
1. Teagmháil a dhéanamh ar bhealach réamhghníomhach le raon geallsealbhóirí chun eolas a bhailiú i leith dréachtú beartas agus reachtaíochta, lena n-áirítear gabháil do phróiseas comhoibríoch ar bhonn píolótach chun beartais agus reachtaíocht áirithe a cheapadh agus a phromhadh	I Ráithe 1, 2022, sainaithneofar tionscadal Beartais agus Reachtaíochta agus déanfar próiseas comhoibríoch a mbeidh comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus geallsealbhóirí ilchineálacha i gceist leis a chur ar bun ar bhonn píolótach mar chuid den phróiseas a bhaineann le ceapadh agus promhadh.	Reachtaíocht/Beartas
	Tá forbairt déanta ar bhunachar sonraí geallsealbhóirí agus féilire comhairliúchán struchtúrtha. Déanfar saincheisteanna CÉU a chomhtháthú isteach i dteagmhálacha leanúnacha lena chinntiú go bhfuil an Roinn i dteagmháil le raon ilchineálach geallsealbhóirí ar mhodh comhordaithe agus tá an Roinn ag leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar na caidrimh, ar na huirlisí agus ar na scileanna a bhfuil gá leo ar mhaithe le dul i mbun comhairliúchán ar bhealach fónta.	Trédhearcacht
	Ina theannta sin, áireoidh suirbhéanna comhairliúcháin phoiblí ceisteanna faoi shaintréithe éagsúlachta lena chinntiú go bhfuil an Roinn i dteagmháil le raon ilghnéitheach geallsealbhóirí agus chun a fháil amach cé na réimsí ina bhféadfadh comhairliúchán níos spriocdhírithe a bheith ag teastáil.	
2. Ullmhú beartas agus reachtaíochta a phromhadh/iniúchadh chun aird a thabhairt ar a dtionchar ar CÉU	Bainfear leas as torthaí na dtionscadal píolótach Beartais agus Reachtaíochta a shainaithnítear sa bhliain 2022 le linn forbairt a dhéanamh ar phróiseas a bhaineann le promhadh/hiniúchadh ár gcuid oibre i leith tionchair CÉU agus tacóidh na torthaí sin leis an bhforbairt sin.	
	Déanfar an próiseas maidir le promhadh/hiniúchadh a cheapadh lena chinntiú go bhfuilimid comhlíontach i dtaca lenár nDualgas Earnála Poiblí (DEP) faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus cuirfimid cumas teicniúil ar bun sa Roinn chun measúnachtaí DEP agus CÉU a phríomhshruthú i gceapadh agus i bpromhadh beartais agus reachtaíochta.	Reachtaíocht, Beartas
	De bhreis air sin, déanfaidh an Roinn, thar ré na Straitéise, tionscadal a bhaineann le cur chuige maidir le buiséadú Comhionannais a chur i gcrích ar bhonn píolótach chun feasacht a chur chun cinn agus chun cumas a mhéadú sa réimse a bhaineann le forbairt agus tuairisciú sonraí don phróiseas a bhaineann le Meastacháin.	

Toradh CÉU 1:

Torthaí beartais níos fearr a bhaint amach agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht ár gcuid seirbhísí

GNÍOMHARTHA	TUAIRISC AR AN nGNÍOMHAÍOCHT	FAOI CHEANNAS
CÁILÍOCHT SEIRBHÍSÍ 3. Nuálaíochtaí a bhaineann leis an tslí ina gceapaimid agus ina soláthraímid seirbhísí a shainaithint & a chur i ngníomh ar mhaithe le feabhas a chur ar rochtain d'úsáideoirí seirbhísí	Tá ár gcláir oibre maidir le 'Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha' agus maidir le digitiú ina mbuntaca lenár n-aidhmeanna straitéiseacha go léir agus tacóidh siad lenár gcuspóirí CÉU freisin. Tabharfar ionad lárnach do riachtanais ár gcustaiméirí ilchineálacha in aon nuálaíochtaí nua. Mar shampla, chun cur leis an láithreán gréasáin nua custaiméir-dhírithe le haghaidh ár seirbhísí inimirce, rinneadh deasc chabhrach lárnach phíolótach le haghaidh seirbhís custaiméara a lainseáil i mí Aibreáin 2021. Chuir sé sin seirbhís mhórfheabhsaithe ar fáil do chustaiméirí i réimse an chlárúcháin. Rinneadh próisis agus ábhar le haghaidh na seirbhíse sin a chomhchruthú agus a thástáil in éineacht le grúpaí custaiméirí. Leathnófar an clár píolótach sin ar fud an réimse inimirce sa bhliain 2022. Le déanaí, chuir an Roinn Dlí agus Cirt tús le treoir-fhíseáin a chruthú do chustaiméirí inimirce i raon teangacha éagsúla. Cainteoirí dúchais na dteangacha sin a dhéanann an tráchtaireacht sna físeáin sin agus tacaíonn na físeáin le daoine le linn dóibh dul tríd an bpróiseas inimirce. Leanfar den chur chuige sin an bhliain seo chugainn. Go hinmheánach, bhunaigh an Roinn an Mheitheal Rochtana le déanaí chun cabhrú le baill foirne agus le custaiméirí a bhfuil deacrachtaí rochtana acu. Feidhmíonn ár nOifigeach Rochtana mar chathaoirleach ar an meitheal sin atá comhdhéanta de dhaoine ó fheidhmeanna éagsúla laistigh den Roinn. Meastar gurb ionann coincheap na Meithle Rochtana as dea-chleachtas i réimse na rochtana ós rud é go soláthraíonn sé fóram praiticiúil chun saincheisteanna praiticiúla a réiteach. Ach cuirfidh sí acmhainn ar fáil do bhaill foirne aon fhiosruithe nó saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí rochtana a ardú.	Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
4. Ailíniú a dhéanamh le Prionsabail Deartha Uilíocha agus uirlisí Cumarsáide Custaiméara na seirbhíse poiblí a ghlacadh chun a chur faoi deara go bhfuil ár gcuid faisnéise agus cumarsáidí go léir níos inrochtana, lena n-áirítear faisnéis a bheith ar fáil i roinnt teangacha éagsúla	Táimid tiomanta i leith deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár gcuid seirbhísí ceaptha, agus go soláthraítear iad, ar bhealach atá cóir agus uilechuimsitheach, agus aird á tabhairt ar phrionsabail dhaonlárnacha agus deartha uilíoch. Leanfar den mhéid sin a dhéanamh trí raon tionscnamh, lena n-áirítear trí mheitheal nua-bhunaithe na Roinne maidir le Ceapadh Seirbhísí & Léargais Chustaiméara. Tá Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara agus Cairt Chustaiméara na Roinne á n-athfhorbairt faoi láthair, agus béim ar leith á leagan ar rannpháirtíocht an phobail de gach uile chineál. Tá an Mheitheal Cheaptha Seirbhísí ag obair ar shásraí chun tomhas a dhéanamh ar cháilíocht seirbhísí agus chun feabhas a chur ar sheirbhísí a bheidh á dtairiscint amach anseo. Bainfear leas as torthaí na hoibre sin le linn caighdeáin seirbhíse a shocrú agus áireoidh sé sin caighdeáin a bhaineann le rochtain agus comhionannas. Déanfar tomhas orthu sin trí Phlean Gníomhaíochta agus Cairt Seirbhíse Custaiméara a lainseálfar i Ráithe 1, 2022. Lainseálfaidh an mheitheal Ceaptha Seirbhísí lámhleabhar ceaptha seirbhísí sa bhliain 2022 agus, sa lámhleabhar sin, tabharfaidh an lámhleabhar sin uirlisí do dhaoine sa Roinn lena chinntiú go nglacann siad cur chuige uilechuimsitheach daonlárnach maidir le haon seirbhís nó beartas a thairgeann siad nó atá á cruthú nó á cruthú acu. Tionscnamh ar leith amháin atá le cur i bhfeidhm sa bhliain 2022 is ea tabhairt isteach chártaí JAM a ligfear do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu a chur in iúl go dteastaíonn tamaillín breise uathu ("Just a Minute") nuair atá siad ag déileáil le baill foirne. Tá gach ábhar Seirbhíse Custaiméara le cur ar fáil i gcaint shoiléir agus déanfar an próiseas a bhaineann leis an bhfaisnéis is tábhachtaí a aistriú go teangacha eile a fhorbairt thar ré na Straitéise seo.	Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Gníomhaíochtaí chun Beocht a chur in CÉU Toradh CÉU 2:

Tacaíocht a thabhairt i ndáil le fórsa saothair atá oilte agus ilchineálach a fhorbairt

GNÍOMHARTHA	TUAIRISC AR AN nGNÍOMHAÍOCHT	FAOI CHEANNAS
5. Cur chuige atá bunaithe ar shonraí (móráireamh foirne) a úsáid chun tuiscint a fháil ar phróifíl éagsúlachta na Roinne	Rachaidh an Roinn i dteagmháil leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) chun sonraí fórsa saothair a fháil óna nDeais Faireacháin Comhionannais ina ndéantar sonraí RGCS-chomhlíontach a thiomsú maidir le cúrsaí inscne, míchumais agus eitneachta. Déanfar sonraí SCP, lena n-áirítear méadrachtaí CÉU, a fhoilsiú i Meitheamh 2022 agus fónfaidh na sonraí sin mar bhunlíne ar dá réir a cheapfaidh an Roinn a móráireamh foirne agus a deais faireacháin comhionannais féin chun tuiscint a fháil ar ár bpróifíl éagsúlachta. Bainfidh an Roinn leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó obair an Gharda Síochána ar shonraí éagsúlachta mar chuid de Ghníomh 16 agus úsáidfidh sí na huirlisí a bhaineann le Prionsabail Chearta an Duine i Sonraí Éagsúlachta agus Treoir 'Conas a Dhéantar' maidir le Dearadh Suirbhé le linn ár gcuid oibre a dhéanamh.	Gnóthaí Corparáideacha
6. Comhoibriú go réamhghníomhach leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) agus le príomh-gheallsealbhóirí eile i leith tionscnaimh earcaíochta & coimeádta ball foirne, ar tionscnaimh iad a thacaíonn lenár gclár oibre CÉU	Tá roinnt réimsí comhoibrithe le SCP sainaitheanta ag an Roinn. Mar shampla, tá SCP ag forbairt clár conairí malartacha a chumasóidh go ghrúpaí tearcionadaíochta aistriú ó intéirneachtaí dea-struchtúrtha chuig céimeanna níos déanaí den phróiseas measúnachta. Beidh faisnéis ag an Roinn freisin a éiríonn as athbhreithniú SCP ar a próiseas earcaíochta agus athbhreithnithe agus scrúdóidh sí na bacainní agus na dúshláin nach mór do ghrúpaí tearcionadaíochta aghaidh a thabhairt orthu.	Gnóthaí Corparáideacha
7. Intéirneachtaí & cláir mheantóireachta atá dírithe ar ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht a fhorbairt agus a chur i ngníomh	Mar bheart tosaigh, leanfaidh an Roinn de bheith ag comhoibriú le 'Ahead' i ndáil lena gclár meantóireachta 'Toilteanach Ábalta' (WAM) atá dírithe ar rochtain do chéimithe atá faoi mhíchumas an margadh saothair a chur chun cinn agus ar mhéadú a dhéanamh ar chumas fostaithe cúrsaí míchumais a chomhtháthú isteach i gcroílár an ionaid oibre. Ina theannta sin, leanfaidh an Roinn de shocraíochtaí oibre idirbhliana a éascú i gcomhpháirtíocht le Scéim Socraíochta na Lárchathrach Thoir Thuaidh. Sa bhliain 2022, tá sé beartaithe againn tús a chur le hintéirneacht taithí oibre bliana do dhaoine ó Phobal an Lucht Siúil agus na Romach. Ceapadh an Clár sin in éineacht le hionadaithe ó ghrúpaí pobail chun uasmhéadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus ar thairbhí fadtéarmacha lena ngabhann conairí soiléire chuig gairmréim sa Státseirbhís. Déanfar na cláir thuas a athbhreithniú tar éis bliana chun a fháil amach an féidir iad a uas-scálú agus chun faisnéis a bhailiú lena húsáid le linn tionscnaimh nua a fhorbairt. Is é is aidhm don Straitéis maidir le hObair ar mhaithe le hAthrú ná cur chuige uile-chórais a chruthú i ndáil le méadú a dhéanamh ar na roghanna atá ag daoine a ciontaíodh i gcionta san am atá caite, ar cur chuige é lena n-aithnítear scileanna agus cumais na ndaoine sin agus arb é a leanann as ná saoránacht ghníomhach, pobail níos sábháilte, líon níos lú íospartach agus tacaíocht chun teacht ar bhealach chun éirí as coireacht. Tá an Roinn Dlí agus Cirt ag tacú le forbairt na straitéise seo go háirithe trí chur chuige comhchruthaitheach uilechuimsitheach a ghlacadh agus, cheana féin, táthar tar éis a bheith i dteagmháil le daoine atá i bpríosún faoi láthair agus le daoine a ciontaíodh i gcionta san am atá caite, lena n-áirítear daoine i ngrúpaí stádais chosanta. Leanfar den straitéis a chur i ngníomh sna blianta 2022 agus 2023 agus leas á bhaint as an gcur chuige uilechuimsitheach sin.	Gnóthaí Corparáideacha

Toradh CÉU 2:

Tacaíocht a thabhairt i ndáil le fórsa saothair atá oilte agus ilchineálach a fhorbairt

GNÍOMHARTHA	TUAIRISC AR AN nGNÍOMHAÍOCHT	FAOI CHEANNAS
8. Oiliúint atá bainteach le CÉU a leabú i gcláir leanúnacha oiliúna & ionduchtúcháin ag gach céim de ghairmréim fostaí - idir fhostaithe nua agus daoine ag leibhéal sinsearach	Déanfar oiliúint faoi raon réimsí a bhaineann le CÉU, amhail feasacht ar mhíchumas, caidreamh idirchultúir agus bainistiú uilechuimsitheachta, a chur i bhfeidhm agus a leabú i gcláir oiliúna & ionduchtúcháin leanúnacha. Ina theannta sin, gheobhaidh baill foirne a bhíonn ag plé go díreach le custaiméirí oiliúint faoi bhacainní cumarsáide agus faoi bhacainní folaithe trí bhíthin thionscnamh an chárta JAM. De bhreis air sin, tá athrú á dhéanamh ag Aonad F & F (Foghlama agus Forbartha) na Roinne faoi láthair ar a phróiseas maidir le hiarrataí lena chinntiú go ndéanann bainisteoirí riachtanais réimse na rochtana a bhreithniú go gníomhach ina gcuid iarrataí uile ar oiliúint. Maidir leis na tionscnaimh oiliúna sin, tabharfar tús áite iontu do rochtain agus do chomhéadanú saoráideach le teicneolaíochtaí cúnta. I Ráithe 1, 2022, cuirfear tús le hobair chun modúl gearr faoi Straitéis CÉU na Roinne a chur san áireamh inár gClár Ionduchtúcháin. Tabharfaidh an modúl forléargas ar phríomhobair agus ar phríomhthionscadail na Roinne agus tarraingeofar aird ar dheiseanna chun bheith rannpháirteach sna nithe sin go léir.	Gnóthaí Corparáideacha
9. Oiliúint speisialaithe a shainaithint agus a sholáthar do bhaill foirne/ mheithleacha oibre amhail an t-oifigeach rochtana, OIM (an tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais), meithleacha beartais agus reachtaíochta agus daoine a bhíonn ag plé go díreach le custaiméirí	Déantar Oiliúint agus Forbairt a chur ar fáil trí na cláir seo a leanas faoi láthair. 1. Déanann *OneLearning* na státseirbhíse láir os cionn 30 cúrsa a thairiscint, ón TF bhunúsach go cúrsaí acmhainneachta. Tá tús le cur le cúrsa sonrach CÉU sa bhliain 2022. 2. Clár aisíoca táillí - maoiniúchán le haghaidh staidéir/cúrsaí gairmiúla iarcháiliúcháin, lena n-áirítear cláir CÉU. 3. Sainchúrsaí ról-sonracha e.g. deimhnithe agus dioplómaí iarchéime maidir leis an Dlí Tearmainn agus Imirce, maidir leis an Dlí Fostaíochta, maidir le Riaradh an Dlí agus maidir le Beartas Poiblí. Tacóidh an tAonad Foghlama agus Forbartha le meithleacha tacaíochta sainoiliúint a bhaineann le CÉU agus oiliúint eile de chineál níos leithne maidir le feabhsú próiseas a shainaithint ar oiliúint í lena gcuirfear feabhas na cleachtais sna seirbhísí a sholáthraímid agus lena gcuirfear cleachtais níos uilechuimsithí chun cinn. De bhreis air sin, fónfaidh na tionscadail phíolótacha bheartais agus reachtaíochta a bhaineann le Toradh 1 mar chláir phraiticiúla theicniúla forbartha cumais freisin.	Gnóthaí Corparáideacha

Gníomhaíochtaí chun Beocht a chur in CÉU

Toradh CÉU 3:

Cultúr ionaid oibre trína n-éascaítear agus trína spreagtar ionchur ó gach uile dhuine, agus trína dtugtar tacaíocht ina leith sin, a bhunú agus a leabú

GNÍOMHARTHA	TUAIRISC AR AN nGNÍOMHAÍOCHT	FAOI CHEANNAS
10. Tacadóirí CÉU a cheapadh atá ionadaitheach do gach aoisghrúpa/grád/inscne/ éagsúlacht	Mar bheart tosaigh, fónfaidh baill Choiste CÉU, baill líonraí foirne, ár Meitheal Rochtana agus na hionadaithe i leith straitéisí éagsúla náisiúnta a bhaineann le CÉU mar thacadóirí CÉU. De réir mar atá an Straitéis á cur i bhfeidhm ceapfar tacadóirí eile.	Gnóthaí Corparáideacha
11. Ár dtiomantas i leith CÉU a léiriú go gníomhach trínár Luachanna (Oscailte, Comhoibríoch, Gairmiúil) a chur i bhfeidhm trínár n-iompar agus trí chur in aghaidh aon iompar a bhaineann an bonn de cheart fostaithe chun bheith éagsúil agus chun aitheantas éagsúil a léiriú laistigh den ionad oibre	Leanfar de CÉU a chomhtháthú isteach sna hábhair agus sa chlár gníomhaíochtaí a bheidh ann chun na Luachanna a chur i bhfeidhm, amhail seisiúin do Bhainisteoirí POC/AOF. Beidh clár forleathan 'Oiliúint don Oiliúnóir' ann sa bhliain 2020 chun a chumasú do bhaill foirne ar leith i ngach feidhm leanúint de bhrí a chur sna luachanna ar fud na Roinne	Gnóthaí Corparáideacha
12. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do líonraí foirne agus tionscnaimh/imeachtaí ilchultúir atá bainteach le CÉU a cheiliúradh	Rachaidh an Roinn i dteagmháil le líonraí atá ann faoi láthair chun riachtanais a shainaithint agus chun timpeallacht a bhunú ina dtugtar tacaíocht agus spreagadh i ndáil le forbairt líonraí breise agus i ndáil le líonraí breise do bhisiú. Chomh maith leis sin, cruthófar naisc le líonraí níos leithne/idir-rannacha atá dírithe ar chomhionannas, éagsúlacht, uilechuimsitheacht agus folláine a chothú san fhórsa saothair mar chuid de Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030.	Gnóthaí Corparáideacha

Toradh CÉU 3:

Cultúr ionaid oibre trína n-éascaítear agus trína spreagtar ionchur ó gach uile dhuine, agus trína dtugtar tacaíocht ina leith sin, a bhunú agus a leabú

GNÍOMHARTHA	TUAIRISC AR AN nGNÍOMHAÍOCHT	FAOI CHEANNAS
13. Feachtais chumarsáide a chur chun cinn, scéalta faoi éagsúlacht agus uilechuimsitheacht a chur chun tosaigh & a insint	Déanfar féilire imeachtaí atá bainteach le CÉU, agus trína ndéanfar cumarsáid le daoine, trína n-inseofar scéalta agus trína méadófar feasacht, a fhorbairt agus a chur i ngníomh.	Gnóthaí Corparáideacha
14. A chinntiú go gcabhraíonn Obair Chumaisc le cultúr níos ilchineálaí, níos solúbtha agus níos uilechuimsithí a chur chun cinn san ionad oibre	Déanfar Beartas na Roinne maidir le hObair Chumaisc a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa bhliain 2022. Beidh an Beartas ceaptha chun aon iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a íoslaghdú. Mar shampla, déanfar tionchar na hoibre cumaisc, i dtaca le comhionannas idir fir agus mná de, a chur i gcuntas ós rud é go bhféadfadh sé neamhionannas a neartú ó thaobh cúrsaí ardaithe céime de rud a d'fhéadfadh tarlú ós rud é gur dóichí gur fir a bheidh i láthair san oifig. Rinneadh Prionsabail Bheartas Oibre Cumaisc na Roinne a fhorbairt chun aon tionchair dhiúltacha fhéideartha a chur i gcuntas.	Gnóthaí Corparáideacha
15. Páirt a ghlacadh i líonraí sainoilteachta chun dea-chleachtas maidir le CÉU a éascú laistigh den Roinn	Déanfaidh an Roinn forbairt ar a ról ceannaireachta mar chomhurraitheoir Ghníomh 16 faoi Chreat ÁSP 2020 agus leanfaidh sí de dhea-chleachtas a éascú agus de CÉU a chur chun cinn laistigh ár n-eagraíocht féin agus ar fud na seirbhíse poiblí.	Gnóthaí Corparáideacha

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice